Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0033(NLE)**

**6684/25**
**ADD 1**

**TRANS 46**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 57 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d’Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 |

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2025
COM(2025) 57 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**

## IARSCRÍBHINN

(1) Cuirtear sainmhíniú (ia) nua isteach in Airteagal 1 AETR mar a leanas:

'(ia) ciallaíonn 'seirbhísí ócáideacha' seirbhísí chun paisinéirí a iompar nach dtagann faoin sainmhíniú ar sheirbhísí tráthrialta, lena n-áirítear seirbhísí tráthrialta speisialta, agus arb é a bpríomhthréith iompar ghrúpaí phaisinéirí a bhailítear ar thionscnamh an chustaiméara nó an iompróra féin. Cuirtear seirbhís ócáideach i gcrích faoi chumhdach foirme turais, a bheidh le comhlánú ag an iompróir roimh gach turas agus ina mbeidh ar a laghad faisnéis a bhaineann leis an gcineál seirbhíse, leis an bpríomhchúrsa taistil agus leis an iompróir/na hiompróirí lena mbaineann.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d'Airteagal 2(2) AETR:

'(a) Feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar i gcás nach dtéann uasmhais incheadaithe na feithicle, lena n-áirítear aon leantóir nó leath-leantóir, thar 2,5 tona.'

(3) Cuirtear pointe (1) nua isteach in Airteagal 2(2) AETR mar a leanas:

'(l) Feithiclí nó cónaisc feithiclí nach mó ná 7,5 tona a n-uasmhais incheadaithe, a úsáidtear:

(i) le hábhair, trealamh nó innealra a iompar, a bhféadfaidh an tiománaí úsáid a bhaint astu le linn oibre an tiománaí; nó

(ii) le haghaidh seachadadh earraí a táirgeadh ar bhonn ceirde,

laistigh de raon 100 km ó bhunáit an ghnóthais amháin agus ar choinníoll nach í tiomáint na feithicle príomhghníomhaíocht an tiománaí agus nach ndéantar an t-iompar ar fuiliú nó ar luaíocht.'

(4) Cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le hAirteagal 7(2) AETR:

'I gcás tiománaí atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha, féadfar freisin dhá shos de 15 nóiméad ar a laghad an ceann a chur in ionad an tsosa dá dtagraítear sa chéad mhír, ar sosanna iad a dháilfear i gcaitheamh na tréimhse tiomána dá dtagraítear sa chéad mhír, ar bhealach lena gcomhlíontar forálacha na chéad mhíre.

Féadfaidh tiománaí atá páirteach i sealaíocht sos 45 nóiméad a ghlacadh i bhfeithicil atá á tiomáint ag tiománaí eile ar choinníoll nach bhfuil an tiománaí atá ag glacadh an tsosa páirteach sa chúnamh don tiománaí atá ag tiomáint na feithicle.'

(5) Cuirtear an mhír seo a leanas tar éis Airteagal 8(2) AETR:

'2a. Ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre agus dálaí oibre an tiománaí i mbaol dá dheasca, féadfaidh tiománaí atá ag gabháil do sheirbhís ócáideach aonair do phaisinéirí a mhaireann sé thréimhse 24 uair an chloig as a chéile ar a laghad maolú ar mhír 2, an chéad fhomhír, tríd an tréimhse scíthe laethúil a ghlacadh uair amháin laistigh de 25 uair an chloig ar a mhéad tar éis dheireadh na tréimhse scíthe laethúla nó na tréimhse scíthe seachtainiúla roimhe sin, ar choinníoll nach ndeachaigh an t-am tiomána carntha don lá sin thar 7 n-uair an chloig. Agus na coinníollacha céanna á gcomhlíonadh, féadfar an maolú seo a úsáid faoi dhó i seirbhís ócáideach aonair do phaisinéirí a mhaireann ocht dtréimhse 24 uair an chloig as a chéile ar a laghad. Tá úsáid an mhaolaithe sin gan dochar don uas-am oibre faoin dlí is infheidhme.'

(6) Cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach ag deireadh phointe (a) d'Airteagal 8(6) AETR:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh tiománaí atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta earraí, lasmuigh den Pháirtí Conarthach ina bhfuil an fostóir bunaithe, dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile a ghlacadh, ar choinníoll go nglacann an tiománaí, ceithre

thréimhse scíthe seachtainiúla ar a laghad, in aon tréimhse de 4 seachtaine as a chéile, agus gur tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta iad dhá cheann díobh sin ar a laghad.

Chun críoch na míre seo, measfar tiománaí a bheith ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta i gcás ina dtosaíonn an tiománaí an dá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile lasmuigh den Pháirtí Conarthach ina bhfuil an fostóir bunaithe agus lasmuigh den tír ina bhfuil áit chónaithe an tiománaí.'

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) d'Airteagal 8(6) AETR:

'(b) De mhaolú ar mhír 6(a), féadfaidh tiománaí atá ag gabháil do sheirbhís aonair ócáideach an tréimhse scíthe sheachtainiúil a chur siar ar feadh suas le 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile tar éis tréimhse scíthe sheachtainiúil thráthrialta roimhe sin, ar choinníoll:

– Tar éis úsáid an mhaolaithe, go dtógann an tiománaí:
  - Dhá shos seachtainiúla rialta: nó
  - Tréimhse scíthe seachtainiúla rialta amháin agus tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe amháin de 24 uair an chloig ar a laghad. Cúiteofar, áfach, don laghdú trí shos coibhéiseach a thógfar en bloc roimh dheireadh an tríú seachtain tar éis úsáid an mhaolaithe;
– Ceithre bliana tar éis don tír chlárúcháin an tacagraf digiteach a chur chun feidhme, beidh an fheithicil feistithe le trealamh taifeadta i gcomhréir le ceanglais Fhoscríbhinn 1B den Iarscríbhinn, agus
– Sa chás go dtiománfar idir an tréimhse ó 22:00 go 06:00, go mbeidh níos mó ná tiománaí amháin san fheithicil nó go laghdófar an tréimhse tiomána dá dtagraítear in Airteagal 7 go trí uair an chloig.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(8) AETR:

'8. Na tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta agus aon tréimhse scíthe seachtainiúla os cionn 45 uair an chloig a ghlacfar mar chúiteamh as tréimhsí scíthe seachtainiúla laghdaithe a bhí ann roimhe sin, ní ghlacfar iad i bhfeithicil. Glacfar iad i gcóiríocht oiriúnach atá oiriúnach do gach inscne, ina mbeidh saoráidí leordhóthanacha codlata agus sláintíochta.

Aon chostais ar chóiríocht lasmuigh den fheithicil, clúdóidh an fostóir iad.'

(9) Cuirtear mír (8a) nua isteach tar éis Airteagal 8(8) AETR mar a leanas:

'8a. Eagróidh gnóthais iompair obair na dtiománaithe sa chaoi gur féidir le tiománaithe filleadh ar ionad oibríochtúil an fhostóra ina bhfuil an tiománaí bunaithe de ghnáth agus ina dtosaíonn tréimhse scíthe seachtainiúla an tiománaí, sa Pháirtí Conartha ina bhfuil an fostóir bunaithe, nó filleadh ar áit chónaithe an tiománaí laistigh de gach tréimhse de cheithre sheachtaine as a chéile, d'fhonn tréimhse scíthe seachtainiúla rialta nó tréimhse scíthe seachtainiúla ar faide ná 45 uair an chloig í a chaitheamh mar chúiteamh as tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe.

Mar sin féin, i gcás ina mbeidh dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile tógtha ag an tiománaí i gcomhréir le mír 6(a), eagróidh an gnóthas iompair obair an tiománaí sa chaoi go mbeidh an tiománaí in ann filleadh roimh thús na tréimhse scíthe seachtainiúla rialta de níos mó ná 45 uair an chloig a ghlacfar mar chúiteamh.

Déanfaidh an gnóthas an chaoi a gcomhlíontar an oibleagáid sin a dhoiciméadú agus coimeádfaidh sé an doiciméadacht sin ag a áitreabh ionas gur féidir í a thabhairt do na húdaráis rialaithe arna iarraidh sin dóibh.'

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad dhá fhomhír d'Airteagal 8bis AETR:

'1. De mhaolú ar Airteagal 8, i gcás ina mbíonn tiománaí ag tionlacan feithicil atá á hiompar ag bád farantóireachta nó ag traein agus ina nglacann sé tréimhse scíthe laethúla rialta nó tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe, ní fhéadfar an tréimhse sin a bhriseadh dhá uair ar a mhéad le haghaidh gníomhaíochtaí eile nach mairfidh níos mó ná aon uair an chloig san iomlán. Le linn na tréimhse scíthe laethúla rialta nó na tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe sin, beidh fáil ag an tiománaí ar chábán codlata, ar bhunc nó ar leaba shuíocháin.

Maidir le tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta, ní bheidh feidhm ag an maolú sin ach amháin maidir le turais ar bhád farantóireachta nó le turais traenach sna cásanna seo a leanas:

(a) go mbeidh an turas sceidealta ar feadh 8 uair an chloig nó os a chionn; agus

(b) go mbeidh rochtain ag an tiománaí ar chábán codlata sa bhád farantóireachta nó ar an traein.

2. An t-am a chaitear ag taisteal chuig suíomh chun teacht i gceannas ar fheithicil a thagann faoi réim feidhme an Chomhaontaithe seo, nó chun teacht ar ais ón suíomh sin, nuair nach bhfuil an fheithicil ag áit chónaithe an tiománaí ná ag ionad oibríochtúil an fhostaí mar a mbíonn an tiománaí bunaithe de ghnáth, ní áireofar mar scíth nó sos é sin mura bhfuil an tiománaí ar bhád farantóireachta nó traein agus rochtain aige ar chábán codlata, ar bhunc nó ar leaba shuíochán.'

(11) Cuirtear Airteagal 8ter nua leis mar a leanas:

Airteagal 8ter

Limistéir pháirceála shábháilte shlána

1. Bunaithe ar fhianaise arna soláthar ó na Páirtithe Conarthacha, áiritheoidh Rúnaíocht CCE-NA go mbeidh rochtain éasca ag tiománaithe atá ag gabháil d'iompar earraí agus paisinéirí de bhóthar ar fhaisnéis faoi limistéir pháirceála shábháilte shlána. Foilseoidh rúnaíocht CEE-NA liosta de na limistéir pháirceála atá deimhnithe, le gur féidir an méid thíos a chur ar fáil do thiománaithe ar bhealach leordhóthanach:

– Ionradh a bhrath agus a chosc,
– Soilsiú agus infheictheacht,
– Pointí teagmhála agus nósanna imeachta i gcás éigeandála,
– Saoráidí sláintíochta atá oiriúnach do gach inscne,
– Roghanna maidir le bia agus deochanna a cheannach,
– Naisc lena gcumasaítear an chumarsáid,
– Soláthar cumhachta.

Cuirfear liosta na limistéir pháirceála sin ar fáil ar shuíomh gréasáin oifigiúil amháin, a nuashonraítear go rialta.

2. Leagtar amach in Aguisín 5 na caighdeáin lena soláthraítear tuilleadh mionsonraí maidir leis an leibhéal seirbhíse agus slándála i ndáil leis na limistéir a liostaítear i mír 1 agus maidir leis na nósanna imeachta chun limistéir pháirceála a dheimhniú.

3. Féadfar Foscríbhinn 5 a leasú le tromlach na bPáirtithe Conarthacha atá i láthair agus ag vótáil i Meitheal um Iompar de Bhóthar CCE-NA.

4. Tá na Páirtithe Conarthacha le cruthú limistéar páirceála d'úsáideoirí tráchtála bóthair a spreagadh.'

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9 AETR:

'1. Ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar na bóithre i mbaol dá dheasca, agus chun go bhféadfaidh an fheithicil dul chomh fada le háit stadta oiriúnach, féadfaidh an tiománaí neamhaird a dhéanamh d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo, a mhéid is gá, le sábháilteacht na ndaoine, na feithicle agus ualach na feithicle sin a áirithiú. Tabharfaidh an tiománaí cineál agus cúis an neamh-chomhlíonta sin le fios ar an leathán taifid nó ar asphrionta ón bhfeiste rialaithe nó ina uainchlár dualgas, agus déanfaidh sé sin ar theacht chuig áit stadta oiriúnach dó ar a dhéanaí.

2. Ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá dheasca, i gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh an tiománaí imeacht ó Airteagail 6(1) agus (2) agus ó Airteagal 8(2) i gcás ina dtéann sé suas go dtí aon uair an chloig thar an teorainn ama tiomána laethúil agus sheachtainiúil chun ionad oibríochtúil an fhostóra nó áit chónaithe an tiománaí a shroicheadh chun tréimhse scíthe seachtainiúla a ghlacadh.

3. Faoi na coinníollacha céanna, féadfaidh an tiománaí dul suas le dhá uair an chloig thar an tréimhse tiomána laethúil agus sheachtainiúil, ar choinníoll gur glacadh sos gan bhriseadh 30 nóiméad díreach roimh an tiomáint bhreise chun ionad oibríochtúil an fhostóra nó áit chónaithe an tiománaí a shroicheadh chun tréimhse scíthe sheachtainiúla rialta a ghlacadh.

4. Scríobhfaidh an tiománaí síos de láimh cúis na himeachta sin ar leathanach taifid an trealaimh taifeadta, nó ar asphrionta ón trealamh taifeadta nó san uainchlár dualgas, ar theacht go ceann scríbe nó go dtí an áit stadta oiriúnach, ar a dhéanaí.

5. Cúiteofar aon tréimhse fhadaithe le tréimhse choibhéiseach scíthe, a thógfar *en bloc*, faoi dheireadh an tríú seachtain tar éis na seachtaine i gceist.'

(13) Cuirtear Foscríbhinn 5 nua isteach in AETR mar a leanas:

**'Foscríbhinn 5**

1. Lena dheimhniú mar limistéar páirceála sábháilte slán dá dtagraítear in Airteagal 8ter(1) AETR, comhlíonfaidh limistéar páirceála na caighdeáin seo a leanas:

(a) Na caighdeáin uile maidir leis an íosleibhéal seirbhíse a leagtar amach i Roinn A den Fhoscríbhinn seo.

(b) Na caighdeáin uile a bhaineann le leibhéal amháin de na leibhéil slándála a leagtar amach i Roinn B den Fhoscríbhinn seo.

2. Deimhniúchán limistéir pháirceála mar limistéar páirceála sábháilte slán dá dtagraítear in Airteagal 8ter(1) AETR, is deimhniúchán é a chomhlíonfaidh na caighdeáin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i Roinn C den Fhoscríbhinn seo.

**Roinn A – Íosleibhéal seirbhíse**

| | |
|---|---|
| Saoráidí sláintíochta atá oiriúnach do gach inscne | —Beidh leithris agus cithfholcadáin ar leithligh d'úsáideoirí fireanna agus d'úsáideoirí baineanna ar fáil agus ag obair. Cuirfidh na cithfholcadáin uisce te ar fáil.<br>—Beidh na sconnaí uisce ar fáil agus ag oibriú agus ag soláthar uisce te. Cuirfear gallúnach láimhe ar fáil saor in aisce.<br>—Beidh boscaí bruscair ar fáil ar an láthair agus folmhófar iad go rialta.<br>—Déanfar na leithris, na cithfholcadáin agus na báisíní uisce a ghlanadh agus a sheiceáil gach lá go tráthrialta. Taispeánfar an sceideal glantacháin. |
| Roghanna ceannaigh agus tomhaltais bia agus dí | —Beidh smailceacha agus deochanna ar fáil lena gceannach 24 huaire a chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.<br>—Beidh limistéar itheacháin do thiománaithe ar fáil. |
| Naisc chumarsáide | — Beidh nasc idirlín ar fáil saor in aisce. |
| Soláthar cumhachta | —Beidh soicéid leictreacha ar fáil le haghaidh úsáid phearsanta.<br>—Faoin 31 Nollaig 2026, beidh saoráidí cumhachta leictreachais le haghaidh feithiclí iompair de bhóthar cuisnithe ar fáil ar an láthair. |
| Pointí teagmhála agus nósanna imeachta i gcás éigeandála | —Cuirfear comharthaí soiléire ar fáil chun gluaiseacht shábháilte tráchta ag an tsaoráid loctha a áirithiú.<br>—Taispeánfar teagmhálacha éigeandála ag an tsaoráid pháirceála sa teanga oifigiúil náisiúnta agus i mBéarla ar a laghad. Tabharfar tacaíocht dóibh le picteagraim shothuigthe. |

**Roinn B – Leibhéil slándála**

a. Maidir le limistéir pháirceála shábháilte shlána atá deimhnithe do chaighdeáin AETR, comhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach faoi cheann de na leibhéil slándála a thuairiscítear i dTáblaí 2 go 5.

b. Áiritheoidh limistéir pháirceála shábháilte shlána go mbeidh an trealamh agus na nósanna imeachta a liostaítear faoi gach leibhéal slándála ag feidhmiú go hiomlán.

c. Tá na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar don reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis na cúraimí nach mór do bhaill foirne slándála atá ceadúnaithe agus oilte, inmheánach nó seachtrach, a dhéanamh. Beidh oiliúint leordhóthanach faighte ag gach ball foirne slándála freisin nuair a bheidh sin ina cheangal de réir na reachtaíochta náisiúnta.

d. Na tréimhsí maidir le sonraí a bhailítear trí fhísfhaireachas (teilifís ciorcaid iata – TCI) a choinneáil, tá siad gan dochar don reachtaíocht is infheidhme sa réimse sin. Beidh feidhm

acu maidir le haon cheanglas sainordaitheach agus deonach faoi na caighdeáin seo.

e. Meánluachanna a bheidh sna luachanna soilsiúcháin (Lux) a bheidh luaite ar na leibhéil éagsúla slándála.

f. Gan dochar don dlí náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise maidir le hoiliúint, áiritheoidh oibreoirí limistéar páirceála sábháilte slán go bhfreastalóidh a bhfoireann ar an láthair agus a bhfoireann cianda atá ag oibriú ar limistéir pháirceála shábháilte shlána, chomh maith leis an mbainisteoir páirceála, go bhfreastalóidh siad ar oiliúint faoi chaighdeáin AETR maidir le limistéir pháirceála shábháilte shlán. Déanfaidh foireann nua an oiliúint sin laistigh de shé mhí tar éis dóibh dul i mbun seirbhíse. Cuimseoidh an oiliúint na hábhair seo a leanas:

— oiliúint agus maoirseacht foirne;

— bainistiú teagmhas;

— faireachas agus faireachán;

— teicneolaíocht.

g. I limistéir pháirceála shábháilte shlána, taispeánfar ar an láthair an fhaisnéis d'úsáideoirí maidir le conas gearán a chur faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin ábhartha.

*Leibhéal cré-umha*

| LEIBHÉAL CRÉ-UMHA | |
|---|---|
| Imeall | —Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú le hiombhagairt amhairc. Beidh an iombhagairt amhairc suite ar an talamh chun imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a léiriú agus nach gceadaítear ach feithiclí lasta agus feithiclí údaraithe sa limistéar páirceála.<br>—Déanfar imeall an limistéir pháirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 15 Lux.<br>—Déanfar aon fhásra timpeall imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Limistéar páirceála | —Cuirfidh comharthaíocht iomchuí in iúl nach gceadaítear ach feithiclí lasta agus feithiclí údaraithe sa limistéar loctha.<br>—Déanfar seiceálacha fisiceacha nó cianfhaireachais uair amháin ar a laghad gach 24 uair an chloig.<br>—Déanfar aon fhásra sa limistéar páirceála a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann.<br>—Déanfar aon lánaí feithiclí agus aon lánaí coisithe den limistéar páirceála atá ann cheana a lasadh ag 15 Lux. |
| Slí isteach/slí amach | —Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux.<br>—Déanfar TCI a sholáthraíonn cáilíocht mhaith íomhánna a shuiteáil agus a |

| | |
|---|---|
| | oibriú ag gach pointe iontrála agus imeachta den limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Beidh taifeadadh digiteach leanúnach íosta ag an gcóras TCI (5 fhráma in aghaidh an tsoicind) nó beidh sé bunaithe ar bhrath gluaisne ina bhfuil ceamaraí réamhthaifeadta agus iarthaifeadta, ar ceamaraí fíora lae agus oíche iad le 720 picteilín.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin gnáthsheiceáil TCI uair sa tseachtain, agus ní mór taifead a choinneáil ar feadh seachtain amháin den tseiceáil sin. Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin seiceáil feidhmiúlachta ar an gcóras TCI gach 48 n-uaire ar a laghad.<br>—Coimeádfar na sonraí TCI ar feadh tréimhse 30 lá mura rud é go n-éilítear tréimhse choinneála níos giorra leis an reachtaíocht is infheidhme. Sa chás sin, beidh feidhm ag an tréimhse choinneála is faide a cheadaítear faoin dlí.<br>—Beidh baránta TCI, comhaontú ar leibhéal seirbhíse i bhfeidhm nó léiriú ar a gcumas cothabhála féin ag an limistéar páirceála sábháilte slán. Is iad teicneoirí cáilithe a oibreoidh i gcónaí na córais TCI atá sa limistéar páirceála sábháilte slán. |
| Nósanna imeachta foirne | —Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean slándála i bhfeidhm, ar plean é lena n-áirítear gach gné ó chosc riosca agus ó mhaolú riosca go freagairt i gcomhar le lucht forfheidhmithe an dlí.<br>—Ceapfaidh an limistéar páirceála sábháilte slán duine a bheidh freagrach as nósanna imeachta foirne i gcás teagmhas. Ní mór rochtain a bheith ag foireann an limistéir páirceála shábháilte shláin ar liosta iomlán d’eagraíochtaí áitiúla forfheidhmithe an dlí i gcónaí.<br>—Beidh nós imeachta i bhfeidhm le haghaidh cásanna ina mbeidh feithiclí neamhúdaraithe páirceáilte sa limistéar páirceála sábháilte slán. Déanfar an nós imeachta sin a thaispeáint go soiléir ar an limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Éascófar teagmhais agus coireanna a thuairisciú don fhoireann agus do na póilíní a bhuí le nós imeachta soiléir a thaispeáint sa limistéar páirceála sábháilte slán. |

*Leibhéal airgid*

| LEIBHÉAL AIRGID | |
|---|---|
| Imeall | —Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú trí chosc fisiceach ar a laghad a chuireann bac ar an mbealach agus nach gceadaíonn an dul isteach sa limistéar páirceála sábháilte slán, ná an dul amach as, ach |

| | |
|---|---|
| | amháin trí na pointí iontrála agus fágála sainithe. Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú le físfhaireachán agus taifeadadh leanúnach chomh maith le hiombhagairt amhairc.<br>—Beidh taifeadadh digiteach leanúnach íosta ag an gcóras TCI de cúig fhráma in aghaidh an tsoicind nó beidh sé bunaithe ar bhrath gluaisne ina bhfuil ceamaraí réamhthaifeadta agus iarthaifeadta, ar ceamaraí fíora lae agus oíche iad le 720 picteilín.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin gnáthsheiceáil TCI gach 72 uair, agus ní mór taifead a choinneáil ar feadh seachtain amháin den tseiceáil sin.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin seiceáil feidhmiúlachta ar an gcóras TCI gach 48 n-uaire ar a laghad.<br>—Coimeádfar na sonraí TCI ar feadh tréimhse 30 lá mura rud é go n-éilítear tréimhse choinneála níos giorra leis an reachtaíocht is infheidhme. Sa chás sin, beidh feidhm ag an tréimhse choinneála is faide a cheadaítear faoin dlí.<br>—Beidh baránta TCI, comhaontú ar leibhéal seirbhíse i bhfeidhm nó léiriú ar a gcumas cothabhála féin ag an limistéar páirceála sábháilte slán. Is iad teicneoirí cáilithe a oibreoidh i gcónaí na córais TCI atá sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 20 Lux.<br>—Déanfar aon fhásra timpeall imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Limistéar páirceála | —Cuirfidh comharthaíocht iomchuí in iúl nach gceadaítear ach feithiclí lasta agus feithiclí údaraithe sa limistéar loctha.<br>—Déanfar seiceálacha faireachais fisiceacha nó cianfhaireachais faoi dhó ar a laghad gach 24 uair, agus uair amháin ar a laghad le linn an lae agus uair amháin i rith na hoíche.<br>—Déanfar aon lánaí feithiclí agus aon lánaí coisithe den limistéar páirceála atá ann cheana a lasadh ag 15 Lux.<br>—Déanfar aon fhásra sa limistéar páirceála a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Slí isteach/slí amach | —Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux agus beidh siad daingnithe le bacainní. Beidh córas gutha idir-inoibritheach agus córas ticéadaithe feistithe ar na bacainní sin.<br>—Déanfar TCI a sholáthraíonn cáilíocht mhaith íomhánna a shuiteáil agus a oibriú ag gach pointe iontrála agus imeachta den limistéar páirceála sábháilte slán. Na ceanglais maidir le TCI faoin roinn 'imeall' den leibhéal slándála seo, beidh feidhm acu freisin chun críche TCI ag pointí iontrála agus imeachta. |
| Nósanna | —Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht |

| | |
|---|---|
| imeachta foirne | náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean slándála i bhfeidhm chun scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a bhaineann leis an limistéar páirceála sábháilte slán i ngeall ar thosca amhail an suíomh, cineálacha úsáideoirí, dála sábháilteachta tráchta, rátaí coireachta agus cúrsaí slándála ginearálta.<br>—Ceapfaidh an limistéar páirceála sábháilte slán duine a bheidh freagrach as nósanna imeachta foirne i gcás teagmhas. Ní mór rochtain a bheith ag foireann an limistéir páirceála shábháilte shláin ar liosta iomlán d'eagraíochtaí áitiúla forfheidhmithe an dlí i gcónaí.<br>—Beidh nós imeachta i bhfeidhm le haghaidh cásanna ina mbeidh feithiclí neamhúdaraithe páirceáilte sa limistéar páirceála sábháilte slán. Déanfar an nós imeachta sin a thaispeáint go soiléir ar an limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Éascófar teagmhais agus coireanna a thuairisciú don fhoireann agus do na póilíní a bhuí le nós imeachta soiléir a thaispeáint sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Beidh cúnamh ar fáil d'úsáideoirí 24/7. |

*Leibhéal óir*

| **LEIBHÉAL ÓIR** | |
|---|---|
| Imeall | —Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú le bacainn fhisiceach atá 1,8 méadar ar airde ar a laghad. Beidh crios soiléir 1 méadar idir an bhacainn agus an limistéar páirceála.<br>—Cuirfear bearta i bhfeidhm chun damáiste neamhbheartaithe do na bacainní a chosc.<br>—Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux.<br>—Déanfar faireachán ar imeall iomlán an limistéir páirceála shábháilte shláin le físfhaireachas leanúnach, agus ní fhágfaidh sé aon chaochspota.<br>—Beidh taifeadadh leanúnach íosta ag an gcóras TCI de cúig fhráma in aghaidh an tsoicind nó beidh sé bunaithe ar bhrath gluaisne ina bhfuil ceamaraí réamhthaifeadta agus iarthaifeadta, ar ceamaraí fíora lae agus oíche iad le 720 picteilín.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin gnáthsheiceáil TCI gach 48 uair, agus ní mór taifead a choinneáil ar feadh seachtain amháin den tseiceáil sin.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin seiceáil feidhmiúlachta ar an gcóras TCI gach 24 n-uaire ar a laghad.<br>—Coimeádfar na sonraí TCI ar feadh tréimhse 30 lá mura rud é go n-éilítear |

| | |
|---|---|
| | tréimhse choinneála níos giorra leis an reachtaíocht náisiúnta nó le reachtaíocht an Aontais is infheidhme. Sa chás sin, beidh feidhm ag an tréimhse choinneála is faide is féidir a cheadaítear faoin dlí.<br>—Beidh baránta TCI nó comhaontú ar leibhéal seirbhíse i bhfeidhm ag an limistéar páirceála sábháilte slán, lena n-áirítear cuairt seirbhíse amháin ar a laghad ó eagraíocht speisialaithe cháilithe in aghaidh na bliana, é sin nó léiriú ar a gcumas cothabhála féin. Is iad teicneoirí cáilithe a oibreoidh i gcónaí na córais TCI atá sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Déanfar na himeachtaí TCI agus na himeachtaí rochtana a shioncrónú trí chomhbogearraí nodála.<br>—I gcás éaradh líonra déanfar na himeachtaí TCI agus na himeachtaí rochtana uile a stóráil go háitiúil agus a uaslódáil nuair a bheidh na naisc ar bun arís chuig an trealamh lárnach clárúcháin.<br>—Déanfar aon fhásra timpeall imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Limistéar páirceála | —Cuirfidh comharthaíocht iomchuí in iúl nach gceadaítear ach feithiclí lasta agus feithiclí údaraithe sa limistéar loctha.<br>—Déanfar seiceálacha faireachais fisiceacha nó cianfhaireachais faoi dhó ar a laghad gach 24 uair agus uair amháin ar a laghad le linn an lae agus uair amháin i rith na hoíche.<br>—Déanfar lánaí an limistéir páirceála agus na lánaí coisithe a mharcáil agus a lasadh ag 15 Lux.<br>—Déanfar aon fhásra sa limistéar páirceála a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Slí isteach/slí amach | —Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux agus beidh siad daingnithe le bacainní ar an mbeidh cosaint ar an dreapadh fúthu agus tharstu mar aon le soilse tráchta.<br>—Déanfar TCI a sholáthraíonn cáilíocht mhaith íomhánna a shuiteáil agus a oibriú ag gach pointe iontrála agus imeachta den limistéar páirceála sábháilte slán. Beidh teicneolaíocht aitheanta plátaí ceadúnais feistithe ar na pointí iontrála agus imeachta. Déanfar taifid ar dhul isteach agus ar dhul amach feithiclí a shábháil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.<br>—Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú trí mheicníochtaí coiscthe agus braite ionraidh amhail geataí casta do choisithe ag 1,80 méadar ar airde ar a laghad. Beidh na pointí rochtana ar sheirbhísí amhail leithris, bialanna agus siopaí feistithe le geataí casta tríchosacha má tá rochtain dhíreach idir an limistéar páirceála agus na seirbhísí sin. |
| Nósanna imeachta | —Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean slándála i bhfeidhm |

| | |
|---|---|
| foirne | chun scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a bhaineann leis an limistéar páirceála sábháilte slán i ngeall ar thosca amhail an suíomh, cineálacha cliant, dála sábháilteachta tráchta, rátaí coireachta agus cúrsaí slándála ginearálta.<br>—Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean leanúnachais gnó i bhfeidhm. Áireofar sa phlean sin bearta mionsonraithe maidir leis an mbealach chun freagairt do theagmhais shuaiteacha agus soláthar gníomhaíochtaí criticiúla a choimeád ar bun le linn teagmhais. Beidh bainistiú an limistéir páirceála shábháilte shláin in ann cur chun feidhme na mbeart sin a léiriú.<br>—Beidh nós imeachta i bhfeidhm le haghaidh cásanna ina mbeidh feithiclí neamhúdaraithe páirceáilte sa limistéar páirceála sábháilte slán. Déanfar an nós imeachta sin a thaispeáint go soiléir ar an limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Beidh cúnamh ar fáil d'úsáideoirí 24/7<br>—Éascófar teagmhais agus coireanna a thuairisciú don fhoireann agus do na póilíní a bhuí le nós imeachta soiléir a thaispeáint sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Déanfar duine a cheapadh a bheidh freagrach as nósanna imeachta foirne.<br>—Beidh córas bainistíochta an limistéir páirceála ullamh le haghaidh aistriú sonraí DATEX II. |

*Leibhéal platanaim*

| **LEIBHÉAL PLATANAIM** | |
|---|---|
| Imeall | —Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú le bacainn leanúnach atá 1,8 méadar ar airde ar a laghad agus a bhfuil cosc ar an dreapadh thairsti feistithe uirthi. Beidh crios soiléir 1 méadar idir an bhacainn agus an limistéar páirceála.<br>—Cuirfear bearta i bhfeidhm chun damáiste beartaithe agus neamhbheartaithe do na bacainní a chosc.<br>—Déanfar imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux.<br>—Déanfar faireachán ar imeall iomlán an limistéir páirceála shábháilte shláin le físfhaireachas leanúnach, agus ní fhágfaidh sé aon chaochspota.<br>—Beidh taifeadadh digiteach leanúnach íosta ag an gcóras TCI de cúig fhráma in aghaidh an tsoicind nó beidh sé bunaithe ar bhrath gluaisne ina bhfuil ceamaraí réamhthaifeadta agus iarthaifeadta, ar ceamaraí fíora lae agus oíche iad le 720 picteilín.<br>—Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin gnáthsheiceáil TCI gach 48 uair, agus ní mór taifead a choinneáil ar feadh seachtain amháin den tseiceáil sin. |

| | |
|---|---|
| | —Déanfaidh an t-oibreoir limistéir páirceála shábháilte shláin seiceáil feidhmiúlachta ar an gcóras TCI gach 24 n-uaire ar a laghad.<br>—Coimeádfar na sonraí TCI ar feadh tréimhse 30 lá mura rud é go n-éilítear tréimhse choinneála níos giorra leis an reachtaíocht is infheidhme. Sa chás sin, beidh feidhm ag an tréimhse choinneála is faide is féidir a cheadaítear faoin dlí.<br>—Beidh baránta TCI nó comhaontú ar leibhéal seirbhíse i bhfeidhm ag an limistéar páirceála sábháilte slán, lena n-áirítear dhá chuairt seirbhíse ar a laghad ó eagraíocht speisialaithe cháilithe in aghaidh na bliana, é sin nó léiriú ar a gcumas cothabhála féin. Is iad teicneoirí cáilithe a oibreoidh i gcónaí na córais TCI atá sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Déanfar na himeachtaí TCI agus na himeachtaí rochtana a shioncrónú trí chomhbogearraí nodála.<br>—Déanfaidh pearsanra a úsáideann cliaint atá bunaithe ar an ngréasán athbhreithniú ar imeachtaí slándála TCI ar an láthair pháirceála. I gcás éaradh líonra déanfar na himeachtaí TCI agus na himeachtaí rochtana uile a stóráil go háitiúil agus a uaslódáil nuair a bheidh na naisc ar bun arís chuig an trealamh lárnach clárúcháin.<br>—Déanfar cianrialú ar íomhánna TCI (24/7) trí lárionad seachtrach faireacháin agus fála aláraim, mura bhfuil foireann slándála ar an láthair.<br>—Soláthróidh an córas TCI aláraim maidir le hionradh agus maidir le tardhreapadh, agus tabharfaidh sé aláram trí chomharthaíocht fuaime nó solais ar an láthair pháirceála agus sna hionaid faireacháin agus fála aláraim.<br>—Déanfar aon fhásra timpeall imeall an limistéir páirceála shábháilte shláin a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann. |
| Limistéar páirceála | —Cuirfidh comharthaíocht iomchuí in iúl nach gceadaítear ach feithiclí lasta agus feithiclí údaraithe sa limistéar loctha.<br>—Déanfar lánaí an limistéir páirceála agus na lánaí coisithe a mharcáil agus a lasadh ag 15 Lux.<br>—Déanfar aon fhásra sa limistéar páirceála a bhearradh chun a áirithiú go mbeidh dea-infheicthe ann.<br>—Beidh foireann ar an láithreán nó déanfar físrialú air 24/7.<br>—Na ceanglais maidir le TCI faoin roinn 'imeall' den leibhéal slándála seo, beidh feidhm acu freisin chun críche TCI ag an limistéar páirceála. |
| Slí isteach/slí amach | —Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a shoilsiú ag 25 Lux agus beidh siad daingnithe le geataí ar an mbeidh cosaint ar an dreapadh fúthu agus tharstu nó le bacainní ar an mbeidh cosaint ar an dreapadh fúthu agus tharstu, mar aon le mullaird.<br>—Déanfar TCI a sholáthraíonn cáilíocht mhaith íomhánna a shuiteáil agus a |

| | |
|---|---|
| | oibriú ag gach pointe iontrála agus imeachta den limistéar páirceála sábháilte slán. Déanfar faireachán ar phointí iontrála agus imeachta, lena n-áirítear pointí iontrála agus imeachta do choisithe, i bhfíor-am.<br>—Na ceanglais maidir le TCI faoin roinn 'imeall' den leibhéal slándála seo, beidh feidhm acu freisin chun críche TCI ag pointí iontrála agus imeachta.<br>—Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú trí mheicníochtaí coiscthe agus braite ionraidh amhail geataí casta do choisithe ag 1,80 méadar ar airde ar a laghad. Beidh na pointí rochtana ar sheirbhísí amhail leithris, bialanna agus siopaí feistithe le geataí casta tríchosacha má tá rochtain dhíreach idir an limistéar páirceála agus na seirbhísí sin.<br>—Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a fheistiú le teicneolaíocht aitheanta plátaí ceadúnais. Nuair atáthar ag dul amach as an limistéar páirceála sábháilte slán, fíoróidh an fhoireann slándála an meaitseálann an pláta ceadúnais an t-aitheantóir sa chóras fíoraithe iontrála agus imeachta, e.g. ticéid, léitheoirí RFID nó cóid QR. Taifid ar fheithiclí a théann isteach sa limistéar páirceála sábháilte slán agus ar fheithiclí a thagann amach as, déanfar iad a shábháil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.<br>—Déanfar pointí iontrála agus imeachta an limistéir páirceála shábháilte shláin a dhaingniú trí chóras fíoraithe dhá chéim ina mbeidh na seiceálacha ar an bpláta ceadúnais agus modh iomchuí breise a roghnóidh an limistéar páirceála sábháilte slán agus lena bhféadfaí sainaithint agus fíorú na dtiománaithe, aon duine a bheidh in éineacht le tiománaí agus aon duine údaraithe eile a rachaidh isteach sa láthair páirceála.<br>—Beidh aon teach geata a bheidh ann in ann ionsaí seachtrach a sheasamh, lena n-áirítear meicníocht dúnta le haghaidh dhoirse an tí garda. |
| Nósanna imeachta foirne | —Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean slándála i bhfeidhm chun scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a bhaineann leis an limistéar páirceála sábháilte slán i ngeall ar thosca amhail an suíomh, cineálacha cliant, dála sábháilteachta tráchta, rátaí coireachta agus cúrsaí slándála ginearálta.<br>—Bunaithe ar mheasúnú riosca bliantúil agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceanglais bhreise, beidh plean leanúnachais gnó i bhfeidhm. Áireofar sa phlean sin bearta mionsonraithe maidir leis an mbealach chun freagairt do theagmhais shuaiteacha agus soláthar gníomhaíochtaí criticiúla a choimeád ar bun le linn teagmhais. Beidh bainistiú an limistéir páirceála shábháilte shláin in ann cur chun feidhme na mbeart sin a léiriú.<br>—Beidh nós imeachta i bhfeidhm le haghaidh cásanna ina mbeidh feithiclí neamhúdaraithe páirceáilte sa limistéar páirceála sábháilte slán. Déanfar an |

| | |
|---|---|
| | nós imeachta sin a thaispeáint go soiléir ar an limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Beidh cúnamh ar fáil d'úsáideoirí 24/7<br>—Éascófar teagmhais agus coireanna a thuairisciú don fhoireann slándála agus do na póilíní a bhuí le nós imeachta soiléir a thaispeáint sa limistéar páirceála sábháilte slán.<br>—Déanfar duine a cheapadh a bheidh freagrach as nósanna imeachta foirne.<br>—Úsáidfear lámhleabhar teicniúil úsáideora.<br>—Cuirfear nósanna imeachta ar bun maidir le freagairt d'aláraim.<br>—Beidh córas bainistíochta an limistéir páirceála ullamh le haghaidh aistriú sonraí DATEX II.<br>—Beidh réamháirithint shlán ar fáil ar an bhfón, trí fhoirmeacha teagmhála, trí ríomhphost, trí aipeanna nó ar ardáin áirithinte. Má chuirtear réamháirithint ar fáil trí aipeanna nó córais áirithinte dá samhail, ní mór an tarchur sonraí a dhéanamh i bhfíor-am. |

**Roinn C – Caighdeáin agus nósanna imeachta deimhniúcháin**

*Comhlachtaí deimhniúcháin agus oiliúint iniúchóirí*

1. Is iad comhlachtaí deimhniúcháin agus iniúchóirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Roinn seo, agus iadsan amháin, a bheidh i dteideal deimhniú a dhéanamh ar limistéir pháirceála shábháilte shlána dá dtagraítear in Airteagal 8ter(1) AETR.

2. Comhlachtaí deimhniúcháin a ndéanann a n-iniúchóirí iniúchtaí d'fhonn limistéir pháirceála shábháilte shlána a dheimhniú i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in Ranna A agus B, beidh creidiúnú grúpa acu i gcomhréir le ISO 17021.

3. Iniúchóirí a dhéanann iniúchtaí d'fhonn limistéir pháirceála shábháilte shlána a dheimhniú i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i Ranna A agus B, beidh gaol conarthach acu leis an gcomhlacht deimhniúcháin.

4. I gcomhréir le ISO 17021, áiritheoidh

na comhlachtaí deimhniúcháin go bhfuil an oiliúint chuí ar na hiniúchóirí a dhéanann iniúchtaí d’fhonn limistéir pháirceála shábháilte shlána a dheimhniú.

5. Beidh pas faighte ag iniúchóirí na gcomhlachtaí deimhniúcháin i gcúrsa oiliúna le haghaidh iniúchóirí faoin leagan is déanaí de na caighdeáin a leagtar amach i Ranna A agus B, ar cúrsa é a chuimseoidh cuid theoiriciúil agus cuid phraiticiúil.

6. Beidh eolas maith oibre ar cheann de theangacha oibre CEE-NA ag iniúchóirí na gcomhlachtaí deimhniúcháin chomh maith le heolas ar theanga áitiúil ábhartha an Pháirtí Chonarthaigh ina ndéanann siad an t-iniúchadh.

*(i) Nósanna imeachta maidir le hiniúchtaí deimhniúcháin, iniúchtaí gan réamhfhógra agus cúlghairm an deimhnithe páirceála sábháilte slán*

1. Déanfar iniúchtaí deimhniúcháin ar limistéir pháirceála shábháilte shlána go fisiceach. Oibreoirí páirceála atá toilteanach a bheith deimhnithe i gcomhréir le caighdeáin AETR a leagtar amach i Ranna A agus B, iarrfaidh siad ar chomhlacht deimhniúcháin iniúchadh deimhniúcháin a dhéanamh ar a suíomh.

2. Trí mhí roimh dheireadh bhailíocht an deimhnithe, iarrfaidh oibreoirí limistéar páirceála sábháilte slána ar mian leo an deimhniúchán a athnuachan, iarrfaidh siad ar a rogha comhlachta deimhniúcháin iniúchadh a dhéanamh orthu an athuair. Eagrófar an t-iniúchadh athdheimhniúcháin agus cuirfear na torthaí in iúl don oibreoir páirceála roimh dháta éaga an deimhnithe reatha.

3. Más rud é, de bharr imthosca eisceachtúla nach bhféadfadh an comhlacht deimhniúcháin ná oibreoir an limistéir páirceála shábháilte shláin a

bheith ag súil leo, nach bhfuil an comhlacht deimhniúcháin in ann an t-iniúchadh deimhniúcháin a iarradh a dhéanamh, féadfaidh an comhlacht deimhniúcháin a chinneadh síneadh a chur le bailíocht an deimhnithe reatha suas le sé mhí. Ní fhéadfar síneadh den sórt sin a athnuachan ach aon uair amháin.

4. Le linn thréimhse bhailíochta an deimhnithe atá ag an limistéar páirceála sábháilte slán, déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin ábhartha iniúchadh gan réamhfhógra amháin ar a laghad ar na caighdeáin a leagtar amach i Ranna A agus B.

5. Cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin torthaí na n-iniúchtaí athdheimhniúcháin agus na n-iniúchtaí gan réamhfhógra chuig oibreoir an limistéir páirceála shábháilte shláin gan moill mhíchuí.

6. Má shuíonn an comhlacht deimhniúcháin, tar éis iniúchadh athdheimhniúcháin nó iniúchadh gan réamhfhógra, nach gcomhlíonann an limistéar páirceála sábháilte slán ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a chumhdaítear leis an deimhniú a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra don oibreoir faoi mhionsonraí na dteipeanna a tugadh faoi deara agus molfaidh sé na bearta chun iad a leigheas. Ligfidh an comhlacht deimhniúcháin don oibreoir aghaidh a thabhairt ar na teipeanna sin laistigh de thréimhse a shocróidh an t-iniúchóir, agus tromchúis na teipe a tugadh faoi deara á cur san áireamh. Cuirfidh an t-oibreoir an comhlacht deimhniúcháin ar an eolas faoi na bearta a rinneadh chun na heasnaimh sin a leigheas agus soláthróidh sé na mionsonraí uile is gá roimh dheireadh na tréimhse.

7. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin an measúnú ar na bearta réitigh a chuir an t-oibreoir i bhfeidhm laistigh de 4 seachtaine. Má shuíonn sé go gcomhlíonann an limistéar páirceála sábháilte slán na híoscheanglais seirbhíse uile a leagtar amach i Ranna A agus B agus na ceanglais slándála uile a chumhdaítear leis an deimhniú, eiseofar deimhniú iniúchóireachta nua i leith an leibhéil arna a iarraidh. I gcás iniúchadh gan réamhfhógra, leanfaidh an deimhniú

iniúchóireachta céanna d’fheidhm a bheith aige go dtí go rachaidh sé in éag.

8. Má shuíonn an comhlacht deimhniúcháin go gcomhlíonann an limistéar páirceála sábháilte slán na híoscheanglais seirbhíse uile a leagtar amach i Ranna A agus B agus na ceanglais slándála le haghaidh leibhéal slándála eile nach é an leibhéal é a chumhdaíonn an deimhniú reatha, eiseofar deimhniú iniúchóireachta nua a léireoidh an leibhéal slándála iomchuí. I gcás iniúchadh gan réamhfhógra, déanfar deimhniú iniúchóireachta nua ag a mbeidh an leibhéal slándála iomchuí a eisiúint agus beidh dáta éaga an deimhnithe sin mar an gcéanna le dáta éaga a deimhnithe atá sé a ionadú.

9. Má shuíonn an comhlacht deimhniúcháin, tar éis iniúchadh athdheimhniúcháin nó iniúchadh gan réamhfhógra agus measúnú a dhéanamh ar aon bhearta réitigh ina dhiaidh sin, nach gcomhlíonann an limistéar páirceála sábháilte slán na híoscheanglais seirbhíse nó nach gcomhlíonann sé ceann amháin nó níos mó de na ceanglais slándála a chumhdaítear leis an deimhniú atá ann cheana, déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin an deimhniú a chúlghairm. Tabharfaidh an comhlacht deimhniúcháin fógra láithreach don oibreoir, agus beidh an t-oibreoir freagrach as aon tagairt do chaighdeáin AETR maidir le limistéir pháirceála shábháilte shlána atá ar a shuíomh a bhaint.

10. Beidh an deis ag an oibreoir páirceála sábháilte sláine achomharc a dhéanamh chuig an gcomhlacht deimhniúcháin a rinne an t-iniúchadh i gcás nach n-aontaíonn sé le toradh an iniúchta, i gcomhréir le caighdeán ISO 17021. Tar éis an t-achomharc a scrúdú, féadfaidh an comhlacht deimhniúcháin a chinneadh gan an deimhniú iniúchóireachta a chúlghairm, nó deimhniú iniúchóireachta nua a eisiúint le haghaidh leibhéal slándála eile.

*Ceanglais nach mór a chomhlíonadh tar éis an iniúchta ag na comhlachtaí deimhniúcháin agus soláthar faisnéise*

1. Tar éis an iniúchta deimhniúcháin nó athdheimhniúcháin rathúil, déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin an deimhniú iniúchóireachta a eisiúint láithreach chuig an oibreoir

páirceála, agus seolfaidh sé cóip gan mhoill chuig oibreoir an limistéir páirceála shábháilte shláin dheimhnithe agus chuig údaráis inniúla an Pháirtí Conartha ina bhfuil sé lonnaithe. Cuirfidh sé údaráis inniúla an Pháirtí Conarthaigh ar an eolas freisin nuair a dhéanfar deimhnithe iniúchóireachta a chúlghairm nó nuair a athróidh leibhéal slándála na limistéar páirceála sábháilte slán de thoradh a n-iniúchta. Beidh bailíocht trí bliana ag an deimhniú iniúchóireachta.

2. Bunóidh na comhlachtaí deimhniúcháin sásra um ghearáin ar líne d'úsáideoirí na limistéar páirceála sábháilte slán.'